Ar iarmhír an Iarratais don Tógáil i gCúram agus na gcáipéisí a ghabhann leis, déanfar iniúchadh ar an eastát i gcomhréir le 2.1. Ní mheasfar an t-údarás áitiúil aon forbairt eastáit a thógáil i gcúram go dtí go gcinneadh sé gur críochnaíodh an eastát go sásúil. Tá dualgas ar fhorbróirí comhlíonadh leis na coinníollacha den cead pleanála arna deonú do na hEastáit, lena n-áirítear an íocaíocht iomlán de na ranniocaíochtaí forbartha go léir. D'fhéadfadh an Chomhairle gníomh forfheidhmithe a thógáil faoi réir reachtaíochta pleanála mura bhfuil nó murar raibh an forbairt déanta i gcomhréir leis an gcead arna deonú. Beidh coinníoll sa chead pleanála d'fhorbairtí tithíochta príobháidí áirithe (m.sh. coimpléisc árasáin agus araile) go mbunófaí cuideachta bhainistíochta atá comhdhéanta i gceart d'fhonn cothabháil den soilsiú, bóithre, cosáin, limistéir páirceála, agus seirbhísí poiblí agus de spásanna

oscailte. Tíolacadh an amhail soilsiú, bóithre agus cosáin phoiblí chuig an gCuideachta Bhainistíochta. Le haghaidh na forbairtí tithíochta go léir, ceanglófar leis an gcead pleanála go dtógfaí na bóithre, cosáin, seirbhísí agus araile, de réir na “Moltaí d’Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta” (nó mar a luaitear a mhalairt sa Chead Pleanála) arna bhfoilsíú ag an Roinn Comhshaoil 1984/1998 (arna leasaithe) leis na caighdeáin theicniúla a luaitear sa cháipéis seo. Ní scaoilfear aon urrús a thaisceadh leis an údarás pleanála d’amhail forbairt ná ní laghdófar é go dtí go gcríochnófar go sásúil na hoibreacha ar na bóithre, cosáin agus seirbhísí sin, srl.

Áiseanna le tógáil i gcúram

Is éard atá i gceist le tógáil i gcúram ná go mbíonn an chumhacht ag na húdaráis áitiúla de na seirbhísí agus na ceantair phoiblí seo a leanas, a bhaineann le forbairt áirithe:

- Bóithre agus cosáin phoiblí;
- Ceantair pháirceála dromchla nach bhfuil leithdálte;
- Soilsíú Poiblí;
- Seirbhísí poiblí lena n-airítear hiodraint dóiteáin;
- Soláthar uisce poiblí, draenáil uisce stoirme agus fuíolluisce;
- Ionad Cóireála Fuíolluisce agus na criosanna maolánacha a ghabhann leis;
- Ionad Cóireála Uisce Inólta agus na criosanna coanta a ghabhann leis;
- Spásanna oscailte poiblí;
- Faichí Imeartha, nuair a cheanglaítear iad le coinníoll den chead pleanála mar áiseanna le haghaidh úsáide poiblí.
- Comharthaíocht

Ba chóir go bhfuil sé ar eolas ag na hiarrthóirí **go mbeidh an dliteanas fós ag an bhForbróir do na gnéithe thuasluaite den fhorbairt** go dtí go bhfuil said tógtha i gcúram ag an Údarás Áitiúil de Thiobraid Árann Thuaidh. Ní thógfar i gcúram aon chéimeanna aonair d’fhorbairt, ach amháin nuair a chríochnófar an fhorbairt iomlán. Tugtar aird na bhforbróirí ar an bhforáil d’Alt 35 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Is éard atá san alt ná loiceadh an fhorbróra maidir le comhlíonadh na dtéarmaí de chead pleanála arna deonú roimhe seo, agus tugtar cead don Chomhairle mar údarás pleanála, iarratas pleanála reatha a dhiúltaíú. Má tá an Chomhairle sásta nár chomhlíon an forbróir le cead pleanála arna deonú roimhe seo, d’fhéadfadh sí é a mheas go bhfuil fíor-riosca ann nach ndéanfar an fhorbairt molta, má ndeonófaí cead, de réir na gcoinníollacha den chead pleanála agus mar sin de, d’fhéadfadh sí a bheith den tuairim nár cheart cead a dheonú. Seirbheálfaidh an Chomhairle Fógra i scríbhinn ar an iarrthóir chuige sin. Ceanglófar ar fhorbróirí Banna a chur faoi bhráid, de réir na foirme arna sonrú sa chead pleanála.

Seirbhísí Cothabhála

San áireamh sna seirbhísí cothabhála a chuirfidh an t-údarás ar fáil tar éis an phróisis de thógáil i gcúram a chur i gcrích beidh é seo a leanas:-

- Cothabháil de na bóithre agus cosáin go léir, lena n-airítear pairceáil sráide nár leithdháileadh.
- ;

- Cothabháil de phríomhphíobáin uisce agus seirbhísí draenála;
- Deisiú agus athchur de na bóithre, cosáin agus ceantair thírdhreachaithe a bhfuil mar thoradh ar dheisiú agus/nó cothabháil de seirbhísí faoin talamh (príomhphíobáin uisce agus seirbhísí draenála) arna ndéanamh ag an údarás;
- Scuabadh bóithre agus seirbhísí glantacháin de na príomhbhealaí poiblí laistigh den fhorbairt chónaithe;
- Cothabháil de na feistí soilsithe phoiblí lena n-áirítear na feisteas soilsithe neamh-chaighdeánacha;
- Cothabháil de spásanna oscailte don phobail (is iad sin, na spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal ginearálta orthu), ach níl iad seo a leanas san áireamh; gearradh féir nó cothabháil de ghruaimhíní féir, ceantair thírdhreachaithe/ornáideacha teagmhasacha, scotharnach nó faichí imeartha, seachas nuair atá a leithéid d'fhaichí imeartha riachtanach, mar áis a bheidh ar fáil don phobal ginearálta, ag an údarás áitiúil trí choinníoll pleanála.
- Cothabháil de na dromchlaí go léir, gnéithe i ndaingean agus trealamh imeartha teann i lotaí imeartha agus i bhfaichí imeartha i gcásanna nuair a cheanglaítear an fhaiche imeartha nó an lota imeartha le coinníoll de chead pleanála.

I gcomhréir le halt 180(2) den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 agus leis an treoir a leagtar amach sa cháipéis seo, caithfear eastáit nár críochnaíodh a thógáil i gcúram nuair a iarann formhór na gcónaitheoirí air. Tabharfar tosaíocht do na heastáit atá níos sine, nuair a mheastar iad le haghaidh tógáil i gcúram. . Is éard atá sa phróiseas tógáil i gcúram ná feidhm fhorchoimeáda den Údarás Áitiúil lena leantar moladh de Bhainisteoir an Chontae.

COINNÍOLLACH GINEARÁLTA

2.1 D'fhorbairtí atá i mbun tógála, cuirfidh an forbróir in iúl don Údarás Pleanála nuair a chuirfear i gcrích na coinníollach den chead pleanála/eastát tithíochta. Ba cheart go gcuirfear i gcrích na forbairtí go léir ar feadh dhá bhliain sula measfaidh an tÚdarás Áitiúil iad a thógáil i gcúram. Maidir le forbairtí a chríochnaítear roimh ghlacadh an bheartais seo, ba chóir go ndeachaigh an chead pleanála in éag thar dhá bhliain.

2.2 Mar chuid den iarratas pleanála ní mór don fhorbróir na ceantair atá le tógáil i gcúram a dhreachadh.

2.3 Is féidir leis an bhforbróir nó formhóir na dtoghthóirí a bhfuil ina n-úinéirí/áititheoirí iarratas a dhéanamh chun go dtógfar an fhorbairt i gcúram trí foirm iarratais a chur faoi bhráid an Údaráis Pleanála den Údarás Áitiúil de Thiobraid Árann Thuaidh (cóip i gceangal leis seo in Aguisín B den cháipéis seo nó tríd í a íoslódáil ón suíomh gréasáin) – “Iarratas chun an Fhorbairt a Thógáil i gCúram ag an Údarás Áitiúil de Thiobraid Árann Thuaidh”, mar a leagtar amach in Aguisín B den cháipéis seo. Ní mór don fhoirm iarratais a bheith deimhnithe ag duine cáilithe oiriúnach, a bhfuil árachas proifisiúnta slánaíochta aige le huasmhéid de €2,600,000 d'fhonn a leithéid d'fhoirmeacha a shíniú. Ba chóir go gcoinneofaí an cumhdach sin ar feadh tréimhse de 6 bhliain tar éis deimhniúcháin. Ba chóir go dtugtar fianaise d'amhail árachas don Údarás Áitiúil. Measfar ineachair na foirme iarratais a bheith do leas an Údaráis Áitiúil de Thiobraid Árann Thuaidh.

2.4 Is forbairt údaraithe í an fhorbairt.

2.5 Ní mór don fhorbairt a thógáil i gcomhréir leis an gcead pleanála arna deonú. .

2.6 Tá na ranníocaíochtaí forbartha íoctha go hiomlán.

2.7 Ní scaoilfear ná ní laghdófar aon bhanna nó urrús arna taisceadh leis an Údarás Pleanála go dtí go dtógfar i gcúram na hoibreacha.

2.6 Tá na táillí cónaisc íoctha go hiomlán.

2.9 Ba chóir go dtógfaí na bóithre, cosáin, searraigh, draenacha agus na príomhphíobáin uisce i gcomhréir

i) leis an gCead Pleanála agus leis na dearaí a cuireadh faoi bhráid agus ar faomh an Údarás Pleanála iad;

ii) leis na “Moltaí d’Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta”- An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (1984/1998) (arna leasú)* (nó mar a luaitear a mhalairt sa Chead Pleanála), ach amháin nuair a cheanglaítear a mhalairt sna coinníollacha den chead. *Ar fáil ó Oifig Díolacháin na bhFoilseachán Rialtais, Sun Alliance House, Sráid Molesworth, Baile Átha Cliath 2 – Teil: 01-6613111.

2.10 Soláthróidh an Forbróir fianaise don Chomhairle go bhfuil an teideal dlíthiúil riachtanach ann, lena n-áirítear ceadanna slí, chun tailte a thrasnú laistigh de láithreáin agus tailte aonair laistigh de theorannacha an láithreáin, d’fhonn rochtain sa todhchaí a éascú i gcomhair críche cothabhála ar sheirbhísí amhail mar séaraigh, príomhphíobáin uisce agus oibreacha a ghabhann leis. Forchoimeadtar na teidil seo i suthaineacht i gcáipéisíocht aimsithe do cheannaitheoirí tí.

2.11 Beidh an forbróir ar an eolas go gceanglaítear íosmhéid de 6 mhéadar sa leithead maidir le aon Chead slí/teideal do shéaraigh nó do phríomhphíobáin uisce i réadmhaoine príobháideach. Ní fhéadtar an leithead a laghdú i gcúinsí áirithe ach amháin tar éis comhairliúcháin leis an gComhairle. Ba chóir go bhféidir le trácht feithicle teacht an na ceadanna slí go léir agus ba chóir go gclárófaí iad ar an talamh trína théann siad.

2.12 Ba chóir go gcuirfeadh tri chóip de dhearaí forbartha “mar a thógtar” (scála 1:500) faoi bhráid na Comhairle. Ba cheart go mbeadh é seo a leanas sna dearaí:

(i) Teorann an eastáit i ndúch dearg, spásanna oscailte i ndath glas, na bóithre, cosáin, soilsiú poiblí, ainmneacha na bóithre, agus uimhreacha na dtithe go léir.

(ii) Na seirbhísí go léir, lena n-áirítear príomhphíobáin uisce, comhlaí, hiodraint, séaraigh, claiseanna bóithre, duchtanna/cuaillí Telecom, duchtanna/cuaillí ESB, duchtanna cablelink agus na dúnphoill go léir. Ullmhófar an leagan amach digiteach (Formáid DXF) den eastát tithíochta de réir na comhordaithe den eangach náisiúnta.

(iii) Taispeánfar na híosleibhéil agus na leibhéil clúdaigh de na dúnphoill go léir maidir le sonraí léarscáileanna de Chionn Mhálanna. Taispeánfar na grádáin, cineál píopa, lárline píopa, áit na gcónaisc seirbhíse go léir de na codanna séaraigh ar na dearaí. Tá aicme na bpríomhphíobán, lárline, comhlaí, buacairí hiodraint agus méadair le taispeáint ar na dearaí. Ba chóir go mbeadh an teideal, uimhir agus dáta ceart ar na dearaí. Ba chóir go mbeadh nóta na n-athbhreithnithe agus an dáta ar na leasuithe.

2.13 Nuair a fuarthas an eastát ar an gcéad iniúchadh agus an dara iniúchadh i stádas neamhiomlán nó nach gcomhlíonann sé an caighdeán riachtanach, déanfar aon iniúchadh eile ar táille de €1,000 in aghaidh iniúchta go dtí an iniúchadh deireanach ina bhféadfar tógáil i gcúram a mholadh. Nuair a fuarthas an t-eastát i stádas sásúil i ngach gné sna dhá chéad iniúchadh, ní bheidh aon táille i gceist. Beidh an muirear seo i treoir nasc ó 1 Eanáir de

gach bliain i gcomhréir leis an Innéacs Praghsanna Mórdhíola – Foirgneamh agus Tógáil (arna fhoilsiú ag An Phríomh-Oifig Staidrimh). Níl san iniúchtaí seo ón gComhairle ach amháin iniúchadh ginearálta agus ní saortar leo an t-iarrthóir ná an t-innealtóir deimhniúcháin óna dhliteanais.

Cuirfidh an tÚdarás Pleanála in iúl don Iarrthóir/Forbróir aon oibreacha atá neamhiomlán nó atá fós le críochnú agus ní mór don Iarrthóir iad seo a cheartú ag a chostais féin. Cuirfidh an tIarrthóir/Forbróir in iúl don Údarás Pleanála gur réitíodh na saincheisteanna seo. Ar iarmhír an fhógra seo déanfar an Údarás Pleanála athiniúchadh ar an bhforbairt. Aistroidh nó tiolacfaidh an Forbróir an talamh go léir atá san áireamh sa chead pleanála agus a bhfuil faoi fheidhm an cháipéis beartais seo don Údarás Áitiúil de Thiobraid Árann, ar a chostas féin.

(i) Nuair a faightear an fógra i scríbhinn go gcríochnaíodh an t-eastát tithíochta i gcomhréir le 2.1 atá thuasluaite, déanfar an tÚdarás Áitiúil iniúchadh mar a leagtar amach thíos.

(ii) Laistigh de dhá sheachtain ón dáta a fuarthas an t-iarratas de thógáil i gcúram, aithneoidh an t-údarás áitiúil go bhfuarthas an t-iarratas agus na “dearaí mar a thógtar” agus aon cheadanna slí arna gcurtha faoi bhráid.

(iii) Laistigh d’ocht seachtaine ón dáta a fuarthas an t-iarratas de thógáil i gcúram, déanfar an t-údarás pleanála i gcomhar leis an bhforbróir, iniúchadh cuimsitheach den fhorbairt nó den céim forbartha, agus cuirfidh sé in iúl don fhorbróir i scríbhinn faoi na saincheisteanna go léir atá fós le cur i gcrích maidir le críochnú sásúil na forbartha.

(iv) Eagróidh an forbróir, laistigh de 4 sheachtain ón dáta a fuarthas na sonraí ón údarás pleanála faoi na saincheisteanna atá fós le críochnú, an críochnú de na hoibreacha luaite, agus cuirfidh sé é in iúl don údarás pleanála nuair a chríochnófar na hoibreacha. Mura bhféadtar na hoibreacha a dhéanamh laistigh den tréimhse sin, ní mór don fhorbróir é a chur in iúl don údarás cén uair a chríochnóidh na hoibreacha.

(v) Eagróidh an t-údarás, laistigh de 4 sheachtain tar éis dó an fhaisnéis a fháil gur críochnaíodh na hoibreacha ag (iii), iniúchadh deireanach ar an bhforbairt d’fhonn an críochnú sásúil a chinntiú de na saincheisteanna luaite mar a aithnítear ag (ii).

(vi) Nuair atá an t-iniúchadh deireanach den fhorbairt nó céim den fhorbairt déanta agus an críochnú sásúil de na hoibreacha, scaoilfidh an t-údarás pleanála an gné sin den urrús arna taisceadh d’fhonn críochnú na n-oibreacha a dhaingniú agus chun dul ar aghaidh chun an fhorbairt nó céim den fhorbairt a thógáil i gcúram. Déanfar gach iarracht réasúnta chun a chinntiú go gcuirfar i gcrích nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh an phróisis de thógáil i gcúram leis an moill is giorra.

(vii) Dílseoidh an forbróir don údarás pleanála (gan aon chostas don údarás) na ceantair phoiblí, lena n-áirítear spásanna oscailte, a ainmníodh le haghaidh an tógáil i gcúram.

(viii) Ina dhiaidh an chinnidh chun an fhorbairt a thógáil i gcúram, cuirfear na sonraí isteach sa chlár pleanála. Ansin ullmhófar Ordú Bainisteora leis an mapa i gceangal, lena maítear go bhfuil an ceantar arna sainiú ar an mapa tógtha i gcúram agus déanfar taifead de seo ar an gclár (a bhfuil ar fáil d'iniúchadh poiblí).

SOILSIÚ POIBLÍ

(i) Mura chuir an Forbróir cóip den dearadh/leagan amach den soilsiú poiblí faoi bhráid roimhe seo, tabharfaidh sé í don Chomhairle.

(ii) Tabharfaidh an forbróir Deimhniúchán Críochnaithe arna dheimhniú ag an soláthraí cuí agus taispeánfar go soiléir gur tógadh scéim soilsithe poiblí de réir na gcaighdeán agus na sainithe riachtanacha.

(iii) Beidh an Forbróir freagrach as cothabháil agus muirir an chórais soilsithe poiblí go dtí go dtógann an tÚdarás Áitiúil an fhorbairt i gcúram.

BÓITHRE AGUS COSÁIN

(i) Tógfar i gcúram na bóithre agus cosáin i gcomhar leis na príomhphíobáin uisce, séaraigh agus spásanna oscailte.

ii) Tógfar na bóithre agus na cosáin i gcomhréir le hAlt 2 de na “Moltaí d’Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta”- An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (1998) (arna leasú) (nó mar a luaitear a mhálairt sa Chead Pleanála), seachas Alt 2.24 (Cóiriú Dromchla) mar ní ghlacfar le cóiriú dromchla mar chiseal dromchla in Eastáit Tithíochta.

(iii) Soláthróidh an Forbróir na comharthaí agus marcáil bóithre go léir mar a sainítear sa Chead Pleanála.

(iv) Glanfar na claiseanna go léir agus beidh siad soar ó bhacainn. Níor chóir go mbeadh aon fhianaise sofheicthe de linnte d’uisce dromchla.

SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS SÉARAIGH

San áireamh mar ghnéithe faoin alt seo tá príomhphíobáin uisce, séaraigh uisce dromchla, córais tanaithe d’uisce stoirme, ionaid chóireála fuíolluisce agus stáisiúin chaidéalaithe, séaraigh bréan, agus na dúnphoill, línte píopaí agus fearais go léir a ghabhann leo. ii) Tógfar i gcúram na gnéithe seo go léir i gcomhar le bóithre/cosáin agus spásanna oscailte agus nímór dóibh comhlíonadh leis na “Moltaí d’Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta”- An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (1998) (arna leasú) agus na coinníollacha den chead pleanála. Ní thógfar i gcúram séarach aonair ná píopaí seirbhíse soláthair uisce. Beidh na cónaisc lena soláthraítear tithe aonair an fhreagracht den úinéir tí aonair.

Suirbhé TCI/ Suirbhé Dúnphoill

Cuirfear faoi bhráid na Comhairle suirbhé TCI/suirbhé dúnphoill cuí (arna sainiú ag an Rannóg Sheirbhísí Uisce den Údarás Áitiúil) de na córais bhailiúcháin séaraigh sula dtaisctear foirm iarratais le haghaidh tógáil i gcúram. Cuirfear an suirbhé i gcrích ag costas an Fhorbróra. Déanfar an suirbhé TCI i gcomhréir leis an gcáipéis bheartais um Sheirbhísí Uisce “Coinníoll agus riachtanais caighdeánacha do Shuirbhé Líonra Séaraigh TCI” (Féach Aguisín C).

Cinntoidh an tIarrthóir go bhfuil rochtain éasca ar na dúnphoill agus na cumhdaigh go léir, go bhfuil siad soar ó smionagar agus go n-éascaítear rochtain éasca i gcomhair iniúchta.

SPÁSANNA OSCAILTE

Beidh an fhorbairt agus an tírdhreachú de na spásanna oscailte i gcomhréir leis an gcead pleanála arna deonú.

DÓITEÁN

Beidh an fhorbairt i gcomhréir leis an gcead pleanála arna deonú agus leis an foilsíúchán ábhartha de na “Moltaí d’Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta”- An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (1998) (arna leasú)* (nó mar a luaitear a mhalairt sa Chead Pleanála).

AGUISÍN A:

**Riachtanas Reachtaíochta
Maidir le Tógáil I
gCúram d'Fhorbairtí
Tithíochta**

Le tugadh isteach d'alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 forchuirtear níos mó freagrachta ar údaráis áitiúla maidir le tógáil i gcúram d'eastáit, atá críochnaithe agus nach bhfuil críochnaithe. Le hAlt 180(1) agus le hAlt 180(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 foráiltear dhá chúinse difriúla.

In **Alt 180(1)** déantar tagairt ar fhorbairt ar deonadh cead dó faoi réir *alt 34* den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 nó faoi réir Cuid IV den 1963 Acht.

1) San áireamh tá tógáil de dhá theach nó níos mó agus solathar d'úr-bhóithre, spásanna oscailte, carrchlóis, séaraigh, príomhphíobáin uisce nó draenacha nua agus

2) Críochnaíodh an forbairt go sásamh an údaráis phleanála i gcomhréir leis an gcead agus le haon coinníollacha ina bhfuil an cead faoi réir.

I gcás a leithéid d'fhorbairt, ní mór don údarás phleanála, má iarrtar air an fhorbairt a thógáil i gcúram ón duine atá i mbun an fhorbairt nó ó fhorhóir na dtoghthóirí atá mar úinéirí/áititheoirí, tús a chur leis na himeachtaí faoi réir Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993 chun na bóithre poiblí a thógáil i gcúram. Sa chás seo, faoi réir Alt 11, ní mór don údarás a bheith sásta go bhfuil an pobal i gcoitinne ag úsáid an bhóthair, dul i mbun comhairliúcháin phoiblí agus meas aon ionadaíocht atá déanta agus na himpleachtaí airgeadais den tógáil i gcúram den bhóthar/de na bóithre a mheas. Is ábhar do na baill thofa é an cinneadh maidir le hordú a dhéanamh chun an bóthar/na bóithre a thógáil i gcúram. Nuair nach n-ordaíonn an t-údarás áitiúil lena ndearbhaítear an bóthar/na bóithre a bheith poiblí, ní mór dó freisin tógáil i gcúram aon spásanna oscailte, carrchlóis, séaraigh, príomhphíobáin uisce nó draenacha laistigh d'fhaichí choimhdheacha na forbartha (Alt 180(4)).

Foráiltear le **hAlt 180(2)** cás forbartha, nach bhfuil cosúil leis an bhforbairt arna déanamh tagairt dó in Alt 180(1), forbairt nár críochnaíodh go sásamh an údaráis phleanála agus nár cuir an t-údarás phleanála tús le himeachtaí forfheidhmithe laistigh de thréimhse de seacht mbliana ó thús an éaga, maidir leis an gcead lena ndeonaítear an fhorbairt, den tréimhse cuí, laistigh de bhrí *alt 40* nó an tréimhse arna fadú faoi réir *alt 42*, mar atá an cás, comhlíonfaidh an t-údarás, nuair a iarrann formhór na mball tofa a bhfuil ina n-úinéirí nó ina n-áititheoirí de na tithe atá i gceist, le halt 11 d'Acht na mBóithre, 1993, ach ní thabharfar aird ar fho-alt (1)(b)(ii) den alt sin, is e sin le rá ***Where a public authority proposes to declare a road to be a public road it shall – (ii) consider the financial implications for the authority of the proposed declaration, Nuair a mholann údarás poiblí bóthar a dhearbhu mar bhóthar poiblí –(ii) measfaidh sé na himpleachtaí don údarás den dearbhú molta.***

Is ábhar don údarás áitiúil é an cinneadh a dhéanamh maidir le cén chatagóir a théann an eastát ann, is é sin.:

a) críochnaíodh an fhorbairt go sásamh an údaráis phleanála i gcomhréir leis an gcead agus le haon coinníollacha ina bhfuil an cead faoi réir, agus mar sin

de tá sé faoi réir Alt 180(1) (d'fhéadfaí na himpleachtaí airgeadais a mheas maidir le tógáil i gcúram na mbóithre) nó (b) níor críochnaíodh an fhorbairt go sásamh an údaráis phleanála agus mar sin de tá sé faoi réir Alt 180(2) (ní fhéadfaí na himpleachtaí airgeadais a mheas maidir le tógáil i gcúram na mbóithre).

Is cuma cén chatagóir a théann an eastát ann, ní mór don údarás pleanála, má iarrtar air forbairt a thógáil i gcúram ó fhormhór na dtoghthóirí atá mar úinéirí/áititheoirí, tús a chur leis na himeachtaí faoi réir Alt 11 d'Acht na mBóithre. Ach, i gcás eastáit atá á mheas faoi réir Alt 180(2)(nár críochnaíodh go sásúil agus níor cuireadh tús le himeachtaí forfheidhmithe laistigh den tréimhse cuí), ní mheasfar na himpleachtaí airgeadais maidir le tógáil i gcúram an bhóthair. Níl aon dualgas ar an údarás áitiúil na bóithre a thógáil i gcúram in aon eastát dá leithéid: is discríd na mball tofa é seo. Ach nuair a ordaíonn an t-údarás lena ndearbhaítear an bóthar/na bóithre a bheith i gcomhréir le hAlt 180 den Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000, áfach, ní mór dó freisin tógáil i gcúram aon spásanna oscailte, carrchlóis, séaraigh, príomhphíobáin uisce agus araile.

AGUISÍN B:

Iarratas chun an tÚdarás Áitiúil de Thiobraid Árainn Thuaidh an fhorbairt a thógáil i gcúram.



Ainm an Iarratasóra: _____

Seoladh an Iarratasóra: _____

Uimhir Teileafóin: _____

Ainm an Fhorbróra: _____

(Má tá éasgúil ón ainm thuas)

Seoladh an Fhorbróra: _____

(Má tá éasgúil ón seoladh thuas)

Ainm na Forbartha: _____

Teagmháil an Chumainn Chónaitheoirí:

Áit na Forbartha: _____

Uimhir Léarscála Suirbhéireachta Ordanáis: _____

Uimhreacha Tagartha Pleanála: _____

Uimhreacha Admhála den Ranníocaíocht Forbartha:

Uimhreacha Admhála den Táille Nasctha:

Líon na dTithe: _____

Líon na nÁrasán: _____

Líon na nAonad Tráchtála: _____

Dearáí mar a Thógtar

Arna gcríochnú ag: _____

Cáilíocht: _____

Míreanna arna gcurtha leis an bhfoirm Iarratais seo: (Cuir tic sa bhosca cuí)

Dearáí mar a Thógtar _____

Dearadh Soilsithe Phoiblí _____

Deimhniúchán Árachais de Thríú Pháirtí _____

Teastais ó sholáthraithe seirbhíse neamhspleáiche
(Bord Gais, Eircom etc.) _____

Cóipeanna de Cheadanna Slí _____

Plean Leagan Amach den Draenáil (C.D.) _____

Suirbhé TCI _____

Leis seo is mise a bhfuil a síniú thíos a iarrann ar an Údarás Áitiúil de
Thiobraid Árann Thuaidh na ghnéithe seo a leanas den fhorbairt a thógáil i
gcúram.

Sínithe _____ Dáta:

larratasóir:

1. Soilsiú Poiblí

Líon na Soilsiithe Poiblí: _____

Cineál Lochrainn: _____

2. Bóithre

3. Cosáin

Fad an Bhóthair _____ (méadair)

Fad an Chosáin _____ (méadair)

4. Príomhphíobáin Uisce

| Fad(m) | Lárlínte (mm) | Ábhar | Aicme |
|--------|---------------|-------|-------|
| _____ | _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ | _____ |

5. Dúnphoill Séaraigh

Líon na ndúnphoill séaraigh: _____

| Fad(m) | Lárlínte (mm) | Ábhar |
|--------|---------------|-------|
| _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ |

6. Séaraigh Uisce Dromchla

Líon na nDúnphoill de Shéaraigh Uisce Dromchla: _____

Líon na gClaiseanna Bóthair: _____

| Fad(m) | Lárlínte (mm) | Ábhar |
|--------|---------------|-------|
| _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ |
| _____ | _____ | _____ |

7. Spásanna Oscailte

Achar(air) _____ (heicteáir)

8. Bannaí Feidhmiúcháin

Méid _____

Dáta Éaga an Bhanna: _____

Aguisín C:
Coinníollacha agus Riachtanais Chaighdeánacha do Shuirbhéanna
Líonra Séaraigh TCI

Go ginearálta, is é an cuspóir den tsuirbhé TCI deireanach arna gcurtha faoi bhráid an Údaráis Pleanála ag an bhforbróir príobháideach ná é a thaispeáint go bhfuil an líonra a ndearnadh suirbhé air, i gcomhréir leis na coinníollacha pleanála ábhartha agus go háirithe leis na moltaí agus caighdeáin seo a leanas:

- 1) An foilseachán WRc ón Ríocht Aontaithe, Sewers for Adoption 5th Edition.
- 2) Moltaí d'Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta (1988)
- 3) Treoracha d'Oscailt, Líonadh Cúlaithe agus Athchur na dTrinsí i mBóithre Poiblí (Aibreán 2002).
- 4) Na codanna ábhartha de BS EN 752, EN 1917, IS 420, EN 1916, IS 6, BS 8301, agus de BS 8005 1987.

Tá achoimre thíos faoin tsuirbhé riachtanach agus faoi na riachtanais thuairiscithe:

- 1) Ba chóir go gcuirfeadh dhá chóip bhunaidh den taifeadán TCI iomlán agus tuairisc coinníll/iniúchta faoi bhráid na Rannóige Pleanála de Chomhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh i gcás suirbhéanna a rinneadh lasmuigh de cheantair fheidhmiúcháin na Comhairle Baile agus faoi bhráid na Comhairle Baile ábhartha i gcás suirbhéanna a rinneadh laistigh de na ceantair sin. Ba chóir go mbeadh an dhá chóip seo i bhformáid d'ardtaifeach VHS de thaifeadadh físe. Féadtar cóipeanna breise a chur isteach i bhformáid DVD.
- 2) Ba chóir go bhfuil oiliúint oiriúnach ag na daoine a dhéanann an obair suirbhé agus an tuairisc iniúchta ina dhiaidh sin, oiliúint de réir caighdeán WTI agus ó chomhlacht oiliúna aitheanta, maidir le húsáid teicneolaíochta suirbhé, tuiscint fianaise físe agus le hullmhú na tuairiscithe iniúchta agus coinníll.
- 3) Ba chóir go dtaispeánfaí sa thuairisc coinníll/iniúchta conas ar tháinig ar na míosúir % airde/lárlíne agus conas a choimeádtar comhsheasmhacht sa phróiseas seo, trí thagairt a dhéanamh ar an modh a leagtar amach sa lámhleabhar oiliúna WTI.
- 4) Ba chóir go mbeadh áis panna agus fiartha ag an gceamara TCI agus ba chóir go mbeadh na cónaisc go léir lena n-áirítear iad sin a théann isteach sna dúnphoill taifeadadh ar fíis agus sonraíthe san tuairisc coinníll/iniúchta.
- 4) Ba chóir go mbeadh áis panna agus fiartha ag an gceamara TCI agus ba chóir go mbeadh na cónaisc go léir lena n-áirítear iad sin a théann isteach sna dúnphoill taifeadadh ar fíis agus sonraíthe san tuairisc coinníll/iniúchta.
- 6) Ba chóir go dtugann an ceamara TCI íomhá géar d'ardtaifeach saor ó scátha.

7) Ba cheart go mbeadh séaraigh agus dúnphoill a bheith saor ó smionagar agus ó ábhar a d'fhéadfadh scriosadh, sula ndéantar an taifeadadh TCI deireanach.

8) Níor chóir go mbeadh aonaid scairdeáin phíopa a bheith i bhfeidhm sa séarach céanna agus an ceann ina ndéantar an suirbhé TCI.

9) Ba chóir go mbeadh ionadaí ó na Seirbhísí Uisce de Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh i bhfreastal ag tús gach suirbhé.

DEIMHNIÚCHÁN ÁRACHAIS DE THRÍÚ PHÁIRTÍ Teastas Uimh.1

Ar mhaithe don Údarás Áitiúil de Thiobraid Árann Thuaidh, deimhnítear leis seo:

- (a) Go ndearnadh tesiteáil ar na séaraigh agus gur éirigh leo agus go bhfuil siad i gcomhréir le Clásal 3.20 de na “Moltaí d’Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta”- An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (1984/Samhain1998) (arna leasú) (nó nuair a mhaítear a mhalairt sa Chead Pleanála).
- (b) Go ndearnadh tesiteáil ar na píopaí uisce agus gur éirigh leo agus gur steirilíodh iad i gcomhréir le Clásal 4.18 de na “Moltaí d’Oibreacha Forbartha Láithreáin do Cheantair Thithíochta”- An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (1984/Samhain1998) (arna leasú) (nó nuair a mhaítear a mhalairt sa Chead Pleanála).

Faoi réir na dteorainneacha/éagsúlachtaí seo a leanas:-

NÓTAÍ TRÁCHTA:

Ní eisítear an Tuairim seo ach amháin d’fhonn fianaise a thabhairt do na hÚdaráis Áitiúla de Thiobraid Árann Thuaidh maidir le comhlíonadh na riachtanas ábhartha den Chead (Ceadanna) Pleanála Seachas nuair a bhaineann sé lena leithéid de chomhlíonadh, ní tuairisc é ar choinníoll na bhfoirgneamh laistigh den Rannóg Ábhartha, ná Tuairisc Meastóireachta ábhartha ach an oiread.

Leis glacaim go mbeidh mé freagrach i gcás aon éilimh nó cailteanais mar thoradh air aon mhíchruinneas nó díorthuithe ó na dearáí “mar a thógtar” arna ndeimhniú thuas i ndiaidh an tógáil i gcúram den eastát.

Sínithe: _____ Dáta:

Tríú Pháirtí

Cáilíocht: _____

Sonraí den Árachas Slánaíochta Gairmiúla (cóip le ceangal)

DEIMHNIÚCHÁN DE THRÍÚ PHÁIRTÍ

Teastas Uimh.2

Iarradh ormsa, _____, Tuairim maidir le comhlíonadh leis an gCead/Ceadanna Pleanála den fhorbairt ag

(dá ngairtear an Fhorbairt Ábhartha i ndiaidh seo)

a ndéanann an cead/ceadanna pleanála tagairt air

Ní eisítear an Tuairim seo ach amháin d'fhonn fianaise a thabhairt do na hÚdaráis

Áitiúla de Thiobraid Árann Thuaidh maidir le comhlíonadh na riachtanas ábhartha den Chead (Ceadanna) Pleanála Seachas nuair a bhaineann sé lena leithéid de chomhlíonadh, ní tuairisc é ar choinníoll na bhfoirgneamh laistigh den Rannóg Ábhartha, ná Tuairisc Meastóireachta ábhartha ach an oiread.

Leis seo, soláthraím na seirbhísí gairmiúla seo a leanas maidir leis an bhforbairt Ábhartha

Deimhním leis seo go gcomhlíonann go substaintiúil na bóithre agus cosáin laistigh den Fhorbairt Ábhartha le riachtanais na cáipéise den Údarás Áitiúil de Thiobraid Árann Thuaidh um "Bheartas Tógáil i gCúram do Fhorbairtí Tithíochta Príobháideacha" agus gur tógadh an Fhorbairt Ábhartha i gcomhréir substaintiúil leis an gCead (Ceadanna) Pleanála arna deonú, faoi réir na ndíorthuithe mar a leagtar síos i Sceideal 1 leis an teastas seo.

Sínithe: _____ Dáta: _____

Cáilíocht: _____

Sonraí den Árachas Slánaíochta Gairmiúla (cóip le ceangal)

SCEIDEAL 1:

Faoi réir na dteorainneacha/éagsúlachtaí seo a leanas:-

NÓTAÍ TRÁCHTA:

Clár Tógáil i gCúram

Ainm Eastáit/Ainm Fhorbartha:

Áit Eastáit/Áit Forbartha:

Ainm an Iarratasóra: (ag iarraidh an tógáil i gcúram)

Teagmháil an Chumainn Chónaitheoirí:

Forbróir:

Uimhreacha Tagartha Pleanála: _____

Cur Síos na Forbartha:

Dáta Admhála den Iarratas Tógáil i gCúram: _____

Stádas an Iarratais den Tógáil i gCúram:

| Dáta an Chéad Iniúchta | Dáta nuair a tógadh an Fhorbairt i gCúram: |
|------------------------|--|
| | |
| | |